Plean DEIS 2025-2028

Coláiste Cholmcille Indreabhán

1. Plean le Tinreamh a Fheabhsú

Plean DEIS - Tinreamh Choláiste Cholmcille, Indreabhán: 2025-2028

Plean le Tinreamh a Fheabhsú

Spriocanna:
1. Déanfar iarracht an líon scoláirí a chaill 20 lá scoile nó níos mó in aon scoilbhliain amháin a laghdú de 10% sa scoilbhliain 2025-2026 agus laghdófar 10% eile sa scoilbhliain 2026-2027 agus 10% eile sa scoilbhliain 2027-2028.
2. Déanfar iarracht laghdú ar an líon scoláirí a théann abhaile go luath i rith an lae scoile tré feachtas tinrimh rialta.
3. Déanfar iarracht laghdú suntasach ar an líon scoláirí a thagann isteach ar scoil deireanach tré dul i dteangmháil le tuismitheoirí agus cumarsáid rialta óna h-oidí bliana.
4. Cuirfear an polasaí tinrimh i bhfeidhm go láidir agus leanfar nósanna imeachta taifeada agus tuairisciú.
5. Cuirfear dreasachtaí agus stráitéisí cuimsitheach cuí i bhfeidhm sa scoil go rialta chun deathinreamh a spreagadh.

Tá na spriocanna seo clóiteach le:
Critéir Theangbhunaithe na Scéime: 1,2,3,4,5,6,7,9,10,11
Luachanna hÉiteas an BOOÉ seo a leanas: Barrfeabhas san oideachas, Comhionannas, Cúram
Plean Straitéiseach/ FMS: Sprioc 1,2.

Gníomhartha:
Luaigh na bearta atá molta (idir chinn reatha agus chinn nua) le TINREAMH a fheabhsú. *Ba cheart go ndéanfaí na gníomhartha i ndiaidh a chéile agus go mbeidís comhordaithe thar thréimhse trí bliana an phlean leis an éifeacht is mó is féidir a bhaint amach*.

Beart	Díriú ar Sprioc (anna) uimh.	Cé?	Príomh-fhreagracht	Cathain?	Acmhainní?
Beart 1: Cuirfidh múinteoirí córas taifid tinrimh i bhfeidhm do chuile rang. *(Leibhéal 1 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Glaofaidh an múinteoir an rolla ag tús gach tréimhse agus marcálfar go cruinn é. (i láthair / as láthair). • Déanfaidh an múinteoir teacht i láthair déanach agus imeacht luath a thaifead go cruinn chomh maith.	1,2,3 2,3 1,2,3	Gach múinteoir Gach múinteoir	MÓD MÓD MÓD	Go laethúil Go laethúil	• Rochtain ar an gcóras Tyro • Treoir i scríbhinn do chuile mhúinteoir ag tús na bliana

• Cuirfidh múinteoir i bhfeighil imeachta scoile an fhoireann ar an eolas tríd an "Events Calendar" ar Tyro. Beidh gnáth ranganna ag scoláirí nach mbíonn ag glacadh páirte sna himeachtaí ar chúis amháin nó ar chúis eile.		Gach Múinteoir		Nuair a thagann imeachtaí chun cinn	agus a athmheabhrú ag cruinnithe foirne • An polasaí tinrimh
Beart 2: Cuirfidh múinteoirí coinníollacha foghlama cuí i bhfeidhm sna ranganna. *(Leibhéal 1 & 2 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Féachfaidh múinteoirí chuige nach mbíonn siad ag cailleadh ranganna ró-mhinic de bharr a bheith imithe chuig imeachtaí sheach-churaclaim (cúrsaí FGL, gníomhaíochtaí sheach-churaclaim do scoláirí &rl).	1,2,3	Gach múinteoir NNS	PÓS	Go leanúnach	• Dialann scoile / Córas taifead asláithreachtaí Tyro
• Cothóidh an fhoireann ar fad atmaisféar tacúil, dearfach agus fáiltiúil don scoláire agus cruthófar dea-chaidreamh leis na scoláirí.	1,2,3	Gach múinteoir CRS	Gach ball den bhfoireann	Go leanúnach	• Plean Tacaíochta an scoláire • Traenáil & forbairt
• Cinnteoidh na múinteoirí, chomh fada agus is féidir, go mbeidh teagasc agus foghlaim d'ard-chaighdeán. Úsáidfear modhanna teagaisc éagsúla, spreagúil agus déanfar obair agus acmhainní a dhifreáil ag freagairt do riachtanais na scoláirí.	1,2,3	Múinteoirí CRS PÓS NNS	PÓS	Go leanúnach	leanúnach ar theagaisc agus foghlaim/ stráitéisí difreála
Beart 3: Cuirfidh bainistiocht na scoile coinníollacha cuí i bhfeidhm chun go mbeidh freastal ar an scoil mealltach do scoláirí *(Leibhéal 1 &2 den gCantanam Tacaíochta)*					

• Cinnteoidh Bainistíocht na Scoile go mbeidh coinníollacha i bhfeidhm a chabhraíonn le teagasc agus foghlaim d'ard-chaighdeán a chur i bhfeidhm (curaclam/clár ama/riarachán/leithroinnt uaireanta tacaíocht foghlama, líon scoláirí ranganna). • Cinnteoidh Bainistíocht na Scoile go gcuirfí gníomhaíochtaí / plean i bhfeidhm do scoláirí atá i mbaol ó thaobh tinrimh. Déanfar iarracht gníomhaiochtaí taitneamhacha a eagrú do scoláirí (ceol/dráma/sport) le linn amanta riosca. • Cothóidh bainistíocht na scoile atmaisféar dearfach, meas agus muinín ar an bhfoireann oibre agus na scoláirí agus tabharfar guth do scoláirí maidir le cúrsaí scoile agus caithfidh siad go cóir le cách. • Déanfar bainistíocht ar imeachtaí scoile sa dóigh is nach mbíonn na múinteoirí céanna ag cailleadh ranganna ró-mhinic de bharr a bheith imithe chuig imeachtaí sheach-churaclaim, FGL &rl.	1,2,3 1,2,3 1,2,3 1,2,3	PÓS NNS Bord Bainistíochta PÓS NNS Múinteoirí PÓS NNS PNC NNS	PÓS PÓS PÓS PÓS	Go leanúnach Go leanúnach Go leanúnach Go leanúnach	• Leithroinnt múinteoirí • Amchlár • Comhairle na Scoláirí • Pleananna Tacaíochta • Achmhainní ranga de réir mar a theastaíonn msh; Ríomhairí • Féilire Imeachtaí Tyro • Cur chuige S&S
Beart 4: Leanfaidh scoláirí an córas tinrmh. *(Leibhéal 1 &2&3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Cuirfear scoláirí ar an eolas faoina gcuid dualgais maidir le freastal ar an scoil. • Fanfaidh an scoláire ar scoil don lá iomlán, seachas i gcásanna fíor-eisceachtúla (m.sh. droch-thinneas). Déanfar glaoch ar na tuismitheoirí ón oifig más gá. • Ní cheadófar do aon scoláire dul abhaile luath aon lá mura bhfuil nóta ar Tyro ón **tuismitheoir** ag an scoláire roimh réidh agus mura dtagann an tuismitheoir **<u>isteach</u> sa scoil** chun an scoláire sin a bhailiú (ní bheidh cead ag *proxy* don	1,2,3 1,2,3 1,2,3	Gach Múinteoir Oidí Ranga Rúnaí PÓS NNS PÓS NNS	MÓD PÓS PÓS PÓS	Go leanúnach Mar a thagann cás chun cinn Mar a thagann cás chun cinn	• Rialacha scríofa sa dialann. • Conradh le síniú ag scoláirí ag tús gach scoilbhliain ag gealliúint go leanfaidh siad rialacha na scoile. • Tionól rialta

tuismitheoir scoláire a bhailiú **go dtí go gcuirfidh an tuismitheoir féin in iúl don scoil go mbeidh an *proxy* ag déanamh an síniú amach.**)					• Tyro • Leabhar Síniú amach
Beart 5: Beidh freagracht ar thuismitheoirí tinreamh maith a chinntiú. *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)* **NB: Úsáidtear an téarma "Tuismitheoir" sa cháipéis seo chun tagairt a dhéanamh freisin do chaomhnóir <u>dleathach</u> scoláire.**					
• Ba chóir do thuismitheoirí a bheith feasach faoin tionchar diúltach a bhíonn ag líon mór asláithreachtaí ar fhoghlaim, agus spreagadh scolairí. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas faoina gcuid dualgais dleathúil maidir le freastal scoláirí ar an scoil.	1,2,3,4	Tuismitheoirí	Tuismitheoirí PÓS AND MÓD	Litir ag tús na bliana Cumarsáid / meabhrúchán rialta leis an baile Cuairt baile más gá	• Litir tús na bliana • Powerpoint • Córas téacs / ríomhphost • Na Meáin Shóisialta • Aip Tyro • Polasaí Tinrimh • Treoracha úsáid an Aip do thuismitheoirí • Cáipéisí / feachtais rialtais ó thaobh tinrimh • Téacs scoile
• Má dhéanann tuismitheoir an cinneadh scoláire a thabhairt amach ó scoil chun dul ar laethanta saoire, iarrfar ar an tuismitheoir an nóta mínithe sin a chlárú ar Tyro. Labhróidh an Comhordaitheoir Tinrimh leis an tuismitheoir le cinntiú go bhfuil siad feasach ar na himpleachtaí.	1,2,3,4	Tuismitheoirí MÓD	PÓS	De réir mar is gá	
• Tá ar thuismitheoirí nóta mínithe a chur ar an Aip Tyro chomh luath agus is féidir má bhíonn scoláire as láthair, deireanach ar maidin, nó má bhíonn ar scoláire dul abhaile luath. **<u>N.B.</u>** Caithfidh **an <u>tuismitheoir féin</u>** teacht isteach go dtí oifig dhuine de bhainistíocht na scoile (nó rúnaí na scoile) chun a ngasúr **féin** a shíniú amach le dul abhaile luath.	1,2,3,4	Tuismitheoir	Tuismitheoir MÓD (Monatóireacht)	De réir ar is gá	
• Coinneofar tuismitheoirí ar an eolas faoi imeachtaí scoile. Beidh gnáth ranganna ag scoláirí nach mbíonn ag glacadh páirte sna himeachtaí ar chúis amháin nó ar chúis eile agus nár cheart go mbeadh aon scoláire as láthair	1,2,3	Múinteoir ag eagrú na himeachta	Múinteoir ag eagrú na himeachta	De réir mar a thagann imeacht chun cinn	

• Rachfar i gcomhar le tuismitheoirí maidir le hullmhú agus ag déanamh athbhreithniú ar an bpolasaí tinrimh.	1,2,3,4	Tuismitheoir Bord Bainistíochta PÓS	PÓS	De reir mar a dhéantar athbhreithniú ar	
Beart 6: Déanfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh maoirseacht ar chóras rollaí i bhfeidhm sa scoil agus déanfaidh sé bainistiú ar chóras teachtaireachtaí asáithreachta. Comhlíonfar dualgaisí maidir le tuairisciú chuig TUSLA in am cuí. *(Leibhéal 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Déanfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh monatóireacht ar thaifid rollaí agus meabhróidh sé don bhfoireann teagaisc a gcuid dualgais maidir le taifid rollaí.	1,2,3,4	Gach múinteoir MÓD	MÓD	Go laethúil	• Cumarsáid ó bhéal / ríomhphost le múinteoirí • Rochtain bainistíochta ar Tyro • Téacs scoile / ríomhphost scoile • Sonraí teangmhála tuismitheoirí • Rochtain ar chóras TUSLA • Staitisticí Tinrimh
• Ardóidh an Comhordaitheoir Tinrimh feasacht i measc na scoláirí agus na múinteoirí maidir le tábhacht an dea-thinrimh. Cuirfidh na h-oidí bliana agus bainistíocht na scoile scoláirí ar an eolas faoi tábhacht an dea-thinrimh.	1,2,3	Gach múinteoir	MÓD	Go rialta – Tionól gach coicís	
• Déanfar teagmháil le tuismitheoir maidir le haon scoláire atá as láthair gan nóta mínithe ar an Aip tar éis 9.30rn ag cuartú míniú.	1,3,4	MÓD	MÓD	Go laethúil	
• Má chuirtear in iúl do bhainistiocht na scoile nó don chomhordaitheoir tinrimh go bhfuil scoláire ar iarraidh ó rang i rith an lae, fiosróidh siad an scéal agus déanfar deileáil leis agus clárófar míniú ar Tyro.	1,2,4	MÓD PÓS NNS	MÓD	De réir mar a tharlaíonn	
• Cuirfidh an Príomhoide nó leasphríomhoide in iúl láithreach don comhordaitheoir tinrimh má tá fionraí ar aon scoláire.	1,4	PÓS NNS	PÓS	De réir mar a tarlaíonn	
• Eagróidh an Comhordaitheoir tinrimh go gcuirfí téacs in am cuí chuig tuismitheoirí a bhfuil 5 lá scoile caillte ag a gcuid gasúir (le roinnt eisceachtaí, m.sh. i gcás báis nó tinnis).	1,4	MÓD	MÓD	De réir mar a tharlaíonn	
• Cuirfidh an Comhordaitheoir tinrimh téacs abhaile ag tuismitheoirí má fhágann scoláire an scoil luath 5 huaire.	2,4	MÓD	MÓD	De réir mar a tharlaíonn	

• Cuirfidh an Comhordaitheoir tinrimh litir ar ríomhphost in am cuí chuig tuismitheoirí a bhfuil 10 lá scoile caillte ag a gcuid gasúir (le roinnt eisceachtaí, m.sh. i gcás báis nó tinnis).	1,4	MÓD	MÓD	De réir mar a tharlaíonn	
• Cuirfidh an Comhordaitheoir tinrimh litir ar ríomhphost abhaile ag tuismitheoirí má fhágann scoláire an scoil luath 10 n-uaire.	2,4	MÓD	MÓD	De réir mar a tharlaíonn	
• Má chailleann aon scoláire 15 lá scoile, iarrfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh ar an Oifigeach TBSP cuairt baile / glaoch baile a dhéanamh agus cuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil. Cuirfear Plean Tinrimh Aonair i bhfeidhm más gá.	1,4	MÓD AND	AND	De réir mar a tharlaíonn	
• Má fhágann scoláire an scoil luath 15 uair, iarrfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh ar an Oifigeach TBSP cuairt baile / glaoch baile a dhéanamh agus cuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil. Cuirfear Plean Tinrimh Aonair i bhfeidhm más gá	2,4,5	MÓD AND	AND	De réir mar a tharlaíonn	
• Scríobhfar líon laethanta caillte ag chuile scoláire ar na tuairiscí faoi thorthaí scrúduithe a théann abhaile i mí na Samhna, mí Feabhra agus mí Bealtaine.	1,2,3	Rúnaí MÓD	MÓD	De réir mar a tharlaíonn	
• Déanfaidh an Príomhoide scoláire a atreorú go TUSLA nuair a chailleann aon scoláire faoi bhun 16 bliana a chailleann 20 lá scoile in aon scoilbhliain amháin gan míniú sásúil ar na hasláithreachtaí sin (i.e. teastas dochtúra). Tá an fhreagracht ar an Comhordaitheoir Tinrimh a chur in iúl don phríomhoide nuair a shroicheann scoláire 20 lá caillte.	1,4	MÓD PÓS	PÓS	Faoi dhó sa bhliain	
Beart 7: Oibreoidh an TBSP i bpáirtnéireacht le tuismitheoirí agus eagrais eile chun feabhas a chur ar thinreamh agus árdóidh sí feasacht maidir le dea-thinreamh i measc fhoireann na scoile, bainistíochta agus tuismitheoirí. *(Leibhéil 1,2,3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Déanfaidh an TBSP rianú tinrimh ar chuile scoláire sa scoil agus cuirfidh sí an t-eolas sin ar fáil don gClár Críochnú Scoile chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéil fhoriomlána freastail agus phoncúlachta agus chun ○ Treochtaí agus patrúin i bhfreastal a shainaithint. ○ Chun amanna sonracha na bliana, na seachtaine nó an lae a shainaithint nuair a bhíonn leibhéil freastail níos ísle.	1,2,3	AND CCS	AND	Go míosúil	• Staitisticí tinrimh Tyro • Meantóireacht CCS • Tacaíochtaí Iompair CCS

○ Monatóireacht a dhéanamh ar fhreastal grúpaí nó daoine aonair leochaileacha.					• Tacaíocht Airgeadais • Tacaíocht / Teagmháil leis an Ionad Sláinte, CDNT, CAMHS, Family Support Service, Club Óige Lurgan, Cumann Peil Mícheal Breathnach / An Spidéal / An Cheathrú Rua
• Déanfaidh an TBSP teagmháil le tuismitheoirí, cuairt baile más féidir, a bhfuil deacrachtaí tinrimh ag a gcuid gasúir chun féachaint an féidir leis an scoil tacú níos fearr leis an scoláire sin. D'fhéadfaí go gcruthófaí Plean Aonair Tinrimh i gComhpháirtíocht leis an gComhordaitheoir Tinrimh más gá.	1,2,3	AND Tuismitheoirí MÓD	AND	De réir mar a thagann cás chun cinn	
• Déanfaidh an TBSP iarracht an ceangal idir scoláirí i mbaol titim amach agus an scoil/pobal a threisiú, trí ghníomhú leis na tuismitheoirí (agus gníomhairí eile, m.sh. gníomhairí sláinte).	1,2,3,5	AND Tuismitheoirí	AND	De réir mar a thagann cás chun cinn	
• Eagróidh an TBSP tacaíochtaí breise do scoláirí ,lena mbaineann tinreamh, ar spriocghrúpa an Chláir Críochnú Scoile chun feabhas a chur ar a dtinreamh.	1,2,3,5	AND CCS	AND	De réir mar a thagann cás chun cinn	
• Meabhróidh an TBSP do thuismitheoirí go bhfuil córas cumarsáide ar an Aip Tyro idir mhúinteoirí agus baile maidir le hobair, teachtaireachtaí tinrimh, iompar agus dul cun cinn agus go bhfuil dualgas orthu féachaint ar seo.	1,2,3	AND Tuismitheoirí	AND	Go leanúnach	
• Má chailleann aon scoláire 15 lá scoile, iarrfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh ar an Oifigeach TBSP cuairt baile / glaoch baile a dhéanamh agus cuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil. Cuirfear Plean Tinrimh Aonair i bhfeidhm más gá.	1,4,5	MÓD AND Tuismitheoirí	AND	De réir mar a thagann cás chun cinn	
• Má fhágann scoláire an scoil luath 15 uair, iarrfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh ar an Oifigeach TBSP cuairt baile / glaoch baile a dhéanamh agus cuirfear tacaíochtaí cuí ar fáil. Cuirfear Plean Tinrimh Aonair i bhfeidhm más gá	2,4,5	MÓD AND Tuismitheoirí	AND	De réir mar a thagann cás chun cinn	
• Déanfar atreorú go dtí an t-Oifigeach Leasa Oideachais (TUSLA) nuair atá an dlí maidir le tinreamh scoláirí á shárú ag tuismitheoir agus nuair atá iarrachtaí déanta ag an scoil an fhadhb a réiteach. Leanfaidh an t-Oifigeach Leasa Oideachais ar aghaidh leis na h-iarrachtaí an fhadhb a réiteach chomh luath agus is féidir.	1,4	AND PÓS EWO	PÓS	De réir mar a thagann cás chun cinn	

Beart 8: Oibreoidh an Comhordaitheoir Tinrimh, an TBSP, an Clár Críochnú Scoile, na hOidí Ranga agus bainistíocht na scoile i ndlúthpháirtíocht le chéile chun córas feabhsúcháin tinrimh a chur i bhfeidhm. *(Leibhéil 1, 2 agus 3 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Beidh cruinnithe seachtainiúla, chomh fada agus is féidir, ag an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí, an Comhordaitheoir Tinrimh, an TBSP, an Príomhoide agus/nó an Leasphríomhoide chun bealaí a aimsiú le feabhas a chur ar thinreamh.	1,2,3,4, 5	MÓD AND MM PÓS NNS	MÓD	Go seachtainiúil	• Cruinnuithe sceidilithe ar an amchlár • Staitisticí tinrimh • Foirm athreoraithe – Oide Ranga más amhlaidh • Maoiniú / tacaíocht airgeadais ó CCS
• Freastlóidh an comhordaitheoir tinrimh ar chruinnithe rialta leis na hoidí ranga agus cuirfidh na hoidí ranga an comhordaitheoir ar an eolas maidir le baol líon mór asláithreachtaí ag scoláire faoina chúram agus déanfar plé ar bhealaí chun an dea-thinrimh a spreagadh.	1,2,3,4, 5	MÓD Oidí Ranga	MÓD	Go seachtainiúil	
• Cuirfear dreasachtaí agus stráitéisí cuimsitheach cuí i bhfeidhm sa scoil go rialta chun deathinreamh a spreagadh ag gach leibhéal den Chantanam tacaíochta. i. Polasaí Fón Póca athbhreithnithe Meán Fómhair 2025 – Níl aon chead fón póca sa scoil, laghdóidh sé seo scoláirí ag cur téacs abhaile faoi imeacht luath ii. Bronnfar duaiseanna agus teastais ceithre huaire sa bhliain – Samhain, Nollaig, Cáisc agus Samhraidh – orthú siúd le dea-thrinreamh nó a fheabhsaíonn a t(h)inrimh. (Leibhéal 1,2,3) iii. Réachtálfar Raifil Tinrimh roimh saoire na Nollag agus saoire na Cásca go bhfeictear go bhfuil an tinrimh ag sleamhnú (Leibhéal 1,2,3) iv. Eagrófar turas ranga don rang is fearr ó thaobh tinrimh de ag deireadh an scoilbhliain. (Leibhéal 1,2)	1,2,3,4, 5	MÓD AND Oidí Ranga Gach múinteoir	MÓD		

v. Cuirfear Plean Tinrimh Aonair agus tacaíochtaí breise i bhfeidhm tríd na h-oidí bliana (Leibhéal 3) vi. Glacfar le moltaí Chomhairle na Scoláirí de réir mar a thagann siad chun cinn					
Beart 9: Cabhróidh Comhairle na Scoláirí leis an gCoiste Tinrimh le córas dreasachta tinrimh a chur i bhfeidhm. *(Leibhéal 1,2 den gCantanam Tacaíochta)*					
• Déanfaidh Comhairle na Scoláirí pléigh chun tuairimí agus moltaí a fháil maidir le tinrimh a ardú sa scoil (m.sh turas don bhliain don tinreamh is fearr). • Ardóidh Comhairle na Scoláirí feasacht maidir le dea-thinreamh i dtimpeallacht na scoile. • Rachfar i gcomhar le Comhairle na Scoláirí maidir le hullmhú gach polasaí tinrimh	1,2,3,5 1,2,3,5 1,2,3,4,5	MÓD PNC Baill an Chomhairle PNC PÓS NNS PNC	PNC PNC PÓS	Tús na Bliana Plé ginearálta ar chlár gach cruinniú Go leanúnach De réir mar a dhéantar athbhreithniú ar an bpolasaí	• Polasaí Tinrimh • Ríomhairí /Clár fógraí. • Am le haghaidh plé ranga

Monatóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar monatóireacht ar an dul chun cinn agus luaigh na heatraimh (go míosúil/uair sa téarma/go bliantúil...) in imeacht na dtrí bliana

- Déanfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh monatóireacht laethúil – chomh fada agus is féidir - ar ghlaoch an rolla agus as láithreachtaí. Cuirfear tuismitheoirí ar an eolas maidir leo siúd nach bhfuill i láthair do rolla na maidine.
- Déanfaidh múinteoirí agus bainistíocht na scoile monatóireacht ar mhúineadh agus bainistiú faoin gcuid sin den bpróiseas DEIS a bhaineann leo féin agus ag úsáid seicliosta forbartha don phlean DEIS seo.
- Déanfaidh an TBSP rianú tinrimh go míosúil agus cuirfidh sí na figiúirí sin chuig an gClár Críochnú Scoile go míosúil.
- Déanfaidh an Comhordaitheoir Tinrimh teagmháil le tuismitheoirí de réir an polasaí tinrimh, le tacaíocht a TBSP nuair is gá.
- Beidh cruinniú seachtainiúil ag an bhFoireann Tacaíochta Scoláirí.
- Beidh cruinniú seachtainiúil ag an gComhordaitheoir Tinrimh leis na hOidí Ranga.
- Cuirfidh an TBSP torthaí an rianú tinrimh faoi bhráid an Chomhordaitheoir Tinrimh agus an Phríomhoide in am cuí chun gur féidir spriocanna a bhaint amach.
- Cinnteoidh an Comhordaitheoir Tinrimh/TBSP go bhfuil córas dreasachta agus stráitéisí á eagrú agus rannpháirtíocht ag Comhairle na Scoláirí ann ag tarlú go rialta.

- Meabhrófar do thuismitheoirí monatóireacht leanúnach a dhéanamh ar a gcuid gasúir agus féachfaidh siad chuige nach ligeann siad dá gcuid gasúir fanacht sa mbaile mura bhfuil éigeandáil i gceist (m.sh. mór-thinneas &rl)

Measóireacht:

Luaigh an bealach ina ndéanfar measóireacht ag ceann na dtrí bliana ar éifeacht na mbeart um THINREAMH
Luaigh an bealach ina dtomhaisfear an dul chun cinn ag baint úsáide as an mbonnlíne agus as spriocanna mar threoir

- Laghóidh an líon scoláirí a cháill 20 lá nó níos mó (gan cúis leigheas / bás) ó 48% (2025) go 36% ag deireadh 2026 (de réir córas VS Ware).Déanfar iarracht laghdú de 5% eile a bhaint de seo roimh dheireadh 2027 agus 5% eile a bhaint ag deireadh 2028.
- Déanfar iarracht laghdú ar líon scoláirí agus líon uaireanta go mbíonn siad deireanach ag an scoil.
- Déanfar iarracht laghdú ar líon na scoláirí agus líon uaireanta a théann na scoláirí sin abhaile luath.
- Déan measóireacht rialta ar na dreasachtaí agus stráitéisí a roghnaítear chun dea-thinreamh a spreagadh le linn imeacht na dtrí bliana agus déanfar iad a athrú nó cur leo más gá.